Bhí saothar na mac léinn ó BA (Onór.) sa Dearadh don Stáitse & Scáileán agus BA (Onór.) sa Dearadh 3T, i nDéanamh Múnla & Ealaín Dhigiteach in IADT le feiceáil ag Féile Idirnáisiúnta na bPuipéad, Baile na Manach, a bhí ar siúl an 21 Meán Fómhair 2019.

Taispeántas dlr Lexicon (Meán Fómhair 2019)

Chomhoibrigh beirt chéimithe de chuid IADT, Ali Kemal Ali [BA (Onór.) san Ealaíon 2017] agus Eimear Boyd [BA (Onór.) san Ealaín 2019] ar a dtaispeántais 'Moon' agus 'UFO', a bhí ar taispeánt ag an dlr Lexicon mar chuid d'Oíche Chultúir 2019 an 20 Meán Fómhair 2019.





'Checking In' Exhibition by Alex Keating

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (are lean)

Roghadh IFTA do na Oscars (Deireadh Fómhair 2019)

Roghnaigh Acadamh Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) an clár faisnéise dar teideal 'GAZA' arna chomhordú ag Garry Keane [Ard-Diplóma Náisiúnta i gCumarsáid Dearaidh 1991] mar iontráil na hÉireann don chatagóir 'Gné-Scannán Idirnáisiúnta is Fearr' ag na Oscars ag an 92ú Acadamh Searmanas bronnta an 9 Feabhra 2020.

Taispeántas Ormond Art Studios (Deireadh Fómhair 2019)

Reáchtáil Alex Keating [BA (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíona 2019] taispeántas dá cuid oibre dar teideal, 'Checking In' ag Spás Tionscadail Ormond Art Studios, Baile Átha Cliath, ón 27 go 29 Meán Fómhair 2019. Bronnadh Gradam Cónaitheachta Iarchéime Ormond Art Studios ar Alex i mí Iúil 2019 a raibh meantóireacht phiaráí cuimsithe leis, agus a raibh taispeántas aonair i gceist leis ag deireadh.

Dámhachtainí Iarchéime Dearaidh IDI (Samhain 2019)

Fuair na céimithe ón BA (Onór.) 2019 in IADT sa Dearadh Amhairc-Chumarsáide Moladh ag searmanas Dámhachtainí Iarchéime Institiúid na nDearthóirí in Éirinn, a bhí á óstáil in Ollscoil na Tríonóide an 14 Samhain 2019:

- Moladh Patrick Collins as an gCatagóir Dearaidh as 'The CuKit';
- Moladh Fiona Ennis as an gCatagóir Ábhar Clóbhuailte (seachas leabhair) as



'Banished';

- Moladh Aisling Murphy as an gCatagóir Taighde Dearaidh as 'Poverty and Porn and Psychic Numbing' ;
- Moladh Dave Pakenham agus Tom Gillan don Chatagóir Aitheantais Branda as 'Motyf 2018: Type in Cyberspace'
- Moladh Róisín Ryan as an gCatagóir Dearaidh Dhigitigh UX / UI as 'Rē: Ireland's Interactive Digital Archive of Thin Places'.

Scoláireacht ARC-LAB (Samhain 2019)

Bronnadh Scoláireacht Choimeádaithe Gailearaí ARC-LAB ar Roisin Power-Hackett i mí na Samhna 2019. Cuimsíonn an dámhachtain scoláireachta stipinn de €15,000 agus táill teagaisc MA de €6,000. Ina theannta sin, cuirfear deasc tiomnaithe agus spás taighde ar fáil don Scoláire ARC-LAB in Oifig Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath, chomh maith le meantóireacht agus treoir ghairmiúil ó Ghailearaí an LAB.

Taispeántas 'My Activity' (Nollaig 2019)

Reáchtáil Luke van Gelderen [4ú Bliain BA (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht] taispeántas dá chuid oibre dar teideal 'My Activity' i nGailearaí Rua Red ón 20 Nollaig 2019 go dtí an 24 Eanáir 2020.

Ceoldhráma 'La Calisto' (Eanáir 2020)

Chomhoibrigh Mic Léanna IADY BEal ancha) sa Dearadh don Stáitse & Scannán le hAcadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (RIAM) ar léiriú na ceoldrámaíochta 'La Calisto' le Caravalli. Reáchtáladh léirithe sa Project Arts Centre, Baile Átha Cliath ón 12 go dtí an 18 Eanáir 2020.



Audrey Walshe



Garry McLoughlin



Vera Ryklova

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (are lean)

Taispeántas ‘Unassembled’ (Eanáir 2020)

Tionóladh taispeántas dar teideal ‘Unassembled’ le healaíontóirí ón rang MA IADT sa Chomhoibriú Ealaíne & Taighde i nGailearaí LAB, Baile Átha Cliath ón 16 go 19 Eanáir 2020. I measc na saothar ann, bhí ‘Palette’ le Brenda Brady, ‘Kathakers (Take a Bow I)’ le hAnishta Chooramun, ‘Homeless’ le Heather Cody, ‘Ballet in a Box’ le Penelope Collins, ‘The Spinnakers’ le Collette Farnon, ‘Brows for Days’ le Lisa Freeman, ‘Shapeshifter’ le Marie Phelan, ‘More Than Crony Capitalism, Cherrywood Project 2020’ le Dylan Ryan agus ‘Polymorphic’ le Audrey Walshe.

‘Taispeántais ‘In the Making’ (Feabhra 2020)

Reáchtáladh ‘In the Making’, sraith de thrí thaispeántas le mic léinn an 4ú Bliana den chlár BA (Onór.) san Ealaín sna Pallas Projects, Baile Átha Cliath i rith Feabhra 2020. Bhí ‘In the Making 1: TO LET’ ar siúl ón 6ú go dtí an 8ú Feabhra; bhí ‘In the Making 2: Appraisal’ ar siúl an 14 agus 15 Feabhra, agus bhí ‘In the Making 3: ‘Equity’ ar siúl ón 20 go dtí an 22 Feabhra 2020.

Futures - Irish Talents 2020 (Márta 2020)

Roghnaíodh céimithe IADT, Garry Loughlin [BA (Onór.) sa Chumarsáid Amhairc 2011] agus Vera Ryklova [BA (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht 2015] do FUTURES Irish Talents 2020, ardán gairmiúil

idirnáisiúnta a chuireann an ghrianghrafadóireacht chomhaimseartha chun cinn. Beidh na grianghrafadóirí roghnaithe ag glacadh páirte san aonach ealaíne idirnáisiúnta, Unseen, in Amstardam, an Ísiltír a bheidh ar siúl ón 18 go dtí an 20 Meán Fómhair 2020.

Dámhachtainí ICAD le Stiúrtóirí atá ag Teacht Chun Cinn (Márta 2020)

Bhí na céimithe den IADT BA (Onór.) sa Táirgeadh Scannán & Teilifíse 2019 seo a leanas sa dara háit do Ghradaim Stiúrtóirí atá ag Teacht Chun Cinn ICAD 2020 a tionóladh sa Sugar Club, Baile Átha Cliath an 4 Márta 2020:

- Conor Donoghue sa chatagóir Físeán Ceoil do ‘Wastefellow - Fizzy Lifting Drinks’;
- Peter Kilmartin sa chatagóir Scannán Mac Léinn le haghaidh ‘The Sunny Side Up.’

4.6.4 Scoláireachtaí Mac Léinn

Scoláireacht Warner Brothers Ireland (Samhain 2019)

Bronnadh Scoláireacht Warner Bros. Ireland Sarah Tania Notaro (MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin). Mar chuid den scoláireacht, gheobhaidh Tania tacaíocht maoiniú agus socrúchán gearr íoctha ag Warner Brothers Ireland Dublin, chomh maith le rochtain ar léirithe scannán agus tacaíocht mheantóireachta ó Fheidhmeannaigh Warner Brothers sa tír.

4.7 Seirbhísí agus Éascaíochtaí do Mhic Léinn 2019/2020

4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla. Is é seo a leanas ról an Choiste Seirbhísí na Mac Léinn:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn.
- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dháileadh cistí institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin.

4.7.2 An Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fochóiste um Eispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais, agus a shainaitníonn díriú sonrath le haghaidh idirghabhála. Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fochóiste na Leabharlainne agus an Fochóiste

um Eispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Eispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
 - o Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais;
 - o Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach;
 - o Cairt Foghlaimeoirí;
 - o Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cúnta etc.;
 - o Iompar mic léinn;
 - o Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn;
 - o Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/ aonaid agus ranna acadúla sonracha;
 - o Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar Leith.
- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomh-tháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;
- Caighdeán chúil do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;
- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cuí;



4.7.2 An Fochoiste um Éispéireas Mic Léinn (ar lean)

- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le cruthú timpeallachta a fheabhsaíonn eispéireas Institiúid na mac léinn.

4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

4.7.3.1 An Oifig Rochtana

Tacaíonn an Oifig Rochtana le beartas na hInstitiúide maidir le comhionannas rochtana ar raon clár IADT agus rannpháirtíocht iontu. Le linn na bliana acadúla 2019/2020 bhí an Oifig ag gabháil leis na tacaíochtaí Réamhiontrála agus Iar-iontrála seo a leanas.

An tSnáithe Réamh-iontrála

Scéim HEAR/DARE – mí Mheán Fómhair 2019, fuair 14 mac léinn áit in IADT trí HEAR agus 44 trí DARE.

Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) – Is ciste iomaíoch é PATH, é bainistithe ag an ÚAO thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

BEALACH 2 - Sparánacht Cheannairí agus Fhoghlaimoirí 1916 – Mhaoinigh an dámhachtain seo ón ÚAO 40 Sparánacht ar fud an chnuasaigh chun tacú le rochtain mhéadaithe ar ardoideachas do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. As an 40 Sparánacht, leithdháileadh 8 in aghaidh na 3 bliana ar an IADT. Tugann an ciste sparánacht €5,000 d'fhaighteoirí gach bliain acadúil chun tacú leo ina gcuid staidéar. Ba í 2019/2020 an tríú bliain den scéim Sparánachta agus fuair an Institiúid 38 iarratas le linn na tréimhse seo, bhí 15 acu sin incháilithe don sparánacht agus tairgeadh an sparánacht do 8 mac léinn. Go déanach in



2019, fógraíodh go leanfaidh an HEA ag maoiniú scéim na Sparánachta ar feadh 3 bliana eile.

BEALACH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach

- bhí an tríú bliain de Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach beartaithe le bheith ar siúl idir Dé Luain 22ú agus Dé hAoine 26 Meitheamh 2020; ach mar gheall ar na srianta a forchuireadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, áfach, cuireadh an ócáid ar athráth go dtí aimsir na Cásca 2021. Tá Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna trí Bhraisle Ardoideachais Chrann Taca 1 Laighean. I measc na n-institiúidí atá rannpháirteach ann, tá: IADT, Institiúid Oideachais Marino (MIE), an Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha (NCAD), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Cuirtear an tionscadal seo ag feidhmiú trí na Seirbhísí Rochtana i ngach ceann de na coláistí rannpháirteacha agus féachann sé le feasacht a mhúscailt faoi na deiseanna ardoideachais atá ann sna healaíona cruthaitheacha i mBaile Átha Cliath.

BEALACH 3 - An Mheantóireacht Phobail - Is é aidhm an tionscnaimh ná an ráta rannpháirtíochta i measc grúpaí tearcionadaithe a mhéadú tríd an meantóireacht. Tá an tionscnamh maoinithe ag Ciste BEALACH 3 ón HEA agus is tionscnamh comhoibrithe é idir IADT, MIE, NCAD, TCD agus UCD. Is é aidhm an tionscnaimh chomhoibrithe idir-institiúideach agus tras-phobail seo ná an ráta rannpháirtíochta i measc grúpaí tearcionadaithe a mhéadú tríd an meantóireacht. Bhí seisiún oiliúna grúpa do mhic léinn ar siúl ag an gCruinniú Mullaigh Meantóirí Pobail i UCD an 19 Deireadh Fómhair 2019. Bhí 3 mheantóir ag IADT a chríochnaigh an clár seo.



4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

For-rochtain - Mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm a bhaineann le paidéim an COVID-19, cuireadh na tionscnaimh For-rochtana a bhí beartaithe do 2019/2020 ar athló. Áiríodh ar na tionscnaimh / tionscnaimh chomhoibrithe a bhí beartaithe: Clár RTÉ don Idirbhliain, Grúpa Naomh Ciarán don Lucht Siúil, STAG Chatology agus Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach.

Scoláireacht um Fhoghlaim Oscailte - Is coincheap é an Fhoghlaim Oscailte a d'fhorbair UCD ar dtús. Mar chuid den Tionscnamh BEALACH, d'fhorbair sé ar fud an bhraisle le tairiscintí féideartha ó IADT agus NCAD, TCD agus MIE a bheith curtha áireamh. Soláthraíonn an Fhoghlaim Oscailte breis agus 300 modúl le roghnú as gach duine ag leibhéal fochéime. Níl aon riachtanais iontrála ann agus is féidir le rannpháirtithe a roghnú cé mhéad modúl is mian leo a dhéanamh. Le linn 2019/2020, ghlac IADT páirt san Fhoghlaim Oscailte den chéad uair, le 3 mac léinn ag cur isteach ar mhodúil san Institiúid.

An Snáithe Iar-iontrála

An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn (SAF) – In 2019/2020 fuair an tSeirbhís Rochtana €102,000 ón HEA agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Chuir 175 mac léinn isteach ar an gciste, measadh go raibh 15 díobh siúd neamh-incháilithe, ach bhí 160 duine díobh incháilithe le híocaíocht. Le linn 2020, fuair an Oifig Rochtana 8 n-iarratas ar mhaoiniú éigeandála mar gheall ar an bpaidéim COVID-19. Astu siúd, próiseáladh 3 cinn díobh tríd an SAF agus próiseáladh an 5 cinn eile trí Chiste Carthanachta Aontas na Mac Léinn.

Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) - is é FYM clár treoshuímh fheabhsaithe IADT do lucht na chéad bliana atá ag tosú ar choláiste, agus stiúir an Oifig é go rathúil i Meán Fómhair 2018. Is tionscnamh uile-institiúide é an clár Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) a thacaíonn agus a éascaíonn an 'socrú isteach'. dár gcuid mac léinn uile céad bliana atá ag tosú ar choláiste. Reáchtáiltear an clár thar na chéad cheithre seachtaine de théarma an fhómhair, agus is é Aontas na Mac Léinn agus foireann FYM a dhéanann é ú. Ag croílár an chláir seo tá Ceannairí Mac Léinn na Chéad Bliana a bhfuil sé mar ról acu cabhrú le gach mac léinn nua dul i dtaithí ar shaol na mac léinn ag IADT agus taitneamh a bhaint as. Earcaíodh 15 Ceannaire Mac Léinn san iomlán as measc dhaonra mac léinn IADT don Chlár FYM 2019/2020.

Seachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn

Lánfhásta - Tá pobal mac léinn lánfhásta atá gníomhach san IADT a chuimsíonn thart ar 10% de líon iomlán na mac léinn. Sa bhliain acadúil 2019/2020, tugadh cuireadh do gach iarratasóir lánfhásta a fuair tairiscint IADT freastal ar Sheachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn Lánfhásta neamhéigeantach a bhí ar siúl i Meán Fómhair 2019. Freastalaíonn 29 Mac Léinn Lánfhásta ar an imeacht seo, san iomlán.

Coláiste Tearmann - Is éard is Coláiste Tearmainn ann ná áit éigin atá tiomanta do bheith ina áit shábháilte agus fháilteach do chách, go háirithe iad siúd atá ag lorg tearmann. Le linn 2019/2020, bunaíodh grúpa oibre as raon leathan ball foirne laistigh de IADT. Féachann an Grúpa ar ghníomhaíochtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta a fhorbairt sa phobal, agus feachtais laistigh de IADT.

4.7.3.2 An tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta

- Thacaigh an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta le 202 mac léinn in 2019/2020, a bhain úsáid as réimse teicneolaíochtaí, ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta (TC) ina measc.
- Chláraigh 67 mac léinn nua leis an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta, agus rinneadh measúnú riachtanas ar 57 díobh agus leithdháileadh teicneolaíocht chúnta orthu.
- Tá Neamhord Foghlama Sonrach (SLD) ar nós Dislícise ag formhór na mac léinn, cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil DCD, ASD (Neamhord de chuid Speictream an Uathachais), ADHD (Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde) agus DCD (Neamhord Comhordaithe Forbartha) agus Dyscalculia acu.
- I measc tacaíochtaí nua TC tugadh tacú do mic léinn in úsáid Táibléad agus Fón Cliste agus aipeanna brabhsálaibhunaithe chomh maith le teicneolaíochtaí AT nua scamallbhunaithe mar shampla Google Voice Typing agus Grammarly.
- Soláthraíonn an tSeirbhís AT oiliúint duine le duine i dtaca leis an AT ar fad a leithdháiltear. Tacaítear leis seo le hacmhainní oiliúna, lena n-áirítear: Treoracha Úsáideora, físeáin, fóraim, srl. ar shuíomh gréasáin IADT .
- I measc na bpríomhtheicneolaíochtaí cúnta a úsáideadh in IADT le linn 2019/2020 bhí: Ríomhairí Glúine, Fón Chliste, Táibléid, Pinn chliste (taifeadáin fuaimne), Deachtafóin, micreadfóin USB le haghaidh aitheantais

cainte, bogearraí Óir chun Léamh & Scríobh, Breacaire Nótaí Fuaimne, Clóscríobh Gutha Google agus Léitheoirí ríomh-leabhar.

4.7.3.3 An Lárionad Gairmeacha

Cuireann an Lárionad Gairmeacha faisnéis, tacaíocht agus treoir phraiticiúil ar fáil do mhic léinn agus d'iarchéimithe i bpleanáil agus taighde gairme, agus i bhforbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar scileanna infhostaitheachta. Ba iad príomhghnéithe obair na seirbhíse ná teagmhálacha duine le duine le mic léinn/céimithe, freagraí ríomhphoist ar cheisteanna bainteachle gairmeacha agus teagmháil ar leibhéal an tseomra ranga tríd an 'Clár Infhostaitheachta'.

- Le linn na bliana acadúla 2019/2020, tionóladh 173 ceapachán comhairleach gairme duine le duine, agus leanadh le gach seisiún duine le duine trí Blackboard Collaborate le linn na dianghlása i mí an Mhárta mar gheall ar an bpaindéim COVID-19.
- Dhá phríomhchóras deartha, suiteáilte agus a curtha i bhfeidhm le linn 2019/2020: Target Connect (Ardán Socrúcháin Gairme / Fostóra / Mac Léinn / Iarchéime); agus Profiling for Success (sraith de Thástálacha Sícméadracha) .
- Idir Deireadh Fómhair 2019 agus Márta 2020, rolladh amach 25 ceardlann agus rang gairme saincheaptha do mhic léinn sna blianta idir an 2ú agus an 4ú bliain. I measc na réimsí a bhí clúdaithe sna ceardlanna seo, áirítear: Inniúlachtaí, CV, LinkedIn, Agallamh a Dhéanamh agus an Líonrú srl.



4.7.3.3 An Lárionad Gairmeacha (ar lean)

- Tionóladh sraith ceardlann faoi stiúir fostóirí idir Eanáir agus Márta 2020, lena n-áirítear: Smart Dublin & HMH (ar fhreastail 45 mac léinn orthu ón 2ú, 3ú agus 4ú Bliain); FireWood & Stelfox (ar fhreastail 28 mac léinn sa bhliain deiridh dá gcúrsa air); Mock Interview Pitch Marathon (oscailte do gach uile mhac léinn, agus 72 agallamh déanta laistigh de thréimhse 2 uair an chloig ag ionadaithe ó: Sonalake, Black Shamrock, CPL, GreenShoes, FireWood agus BYOSJewellery).
- Le linn 2019/2020, thug roinnt eagraíochtaí cuairt ar an gcampas chun labhairt le mic léinn faoi na deiseanna atá á dtairiscint. Áiríodh ar na heagraíochtaí / deiseanna: (agus 2 mhac léinn tríú bliain de chuid IADT ag buachan áiteanna ar an gClár do 2020/2021)
- Sheol an tIonad Gairmeacha Nuachtlitr Post seachtainiúil le linn 2019/2020 a chuirtear amach chuig gach mac léinn agus céimithe le déanaí.
- Ina theannta sin, seoladh CareersHub a ligeann do mhic léinn agus do chéimithe chur lena bPróifíl Gairmeacha dóibh féin, chomh maith le coinní a chur in áirithe leis an Ionad Gairmeacha, imeachtaí a chur in áirithe agus deiseanna atá curtha ar fáil ag fostóirí a thapú. Ligeann sé d'fhostóirí teagmháil a dhéanamh le hIADT trína bpróifíl eagraíochta féin a fhorbairt agus aon deiseanna gairme / fostaíochta atá acu a phostáil ann. Ligeann an córas d'eagraíochtaí imeachtaí gairme a

fhreastalaíonn ar mhic léinn a chur in áirithe más mian leo a bheith páirteach iontu.

- Chomhoibrigh an tIonad Gairmeacha i gcomhar le baill foirne na hOifige Gairmeacha in I.T. Dhún Dealgan, in I.T. Phort Láirge agus in I.T. Luimnigh clár samhraidh ar líne a rolladh amach ar fud na dtrí údarás ardoideachais. I mBealtaine 2020, tugadh cuireadh do mhic léinn agus do chéimithe IADT araon páirt a ghlacadh in imeacht Gairme Fíorúil ar Instagram a bhí ar siúl ar geadh seachtaine. Bhí 50 fostóir san iomlán a bhí páirteach ann agus bhí an deis ag mic léinn agus céimithe páirt a ghlacadh san iliomad seisiún agus seimineár C&A le comhpháirtithe tionscail.

4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (STM)


- Tá sé mar aidhm ag an Oifig Míchumais cuimsiú, abhcóideacht agus rannpháirtíocht ghníomhach i saol an choláiste a chur chun cinn. Soláthraíonn an tseirbhís rochtain chomhionann ar oideachas do mhic léinn IADT a bhfuil raon míchumas agus riochtaí meabhairshláinte orthu.
- Tá an STM tiomanta do phrionsabal an Dearaidh Uilíoch san Fhoghlaim a chur i bhfeidhm, a spreagadh agus cuidiú le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin chomh maith, mar an chéad fhreagra chun an rochtain a dheimhniú ar chlár foghlama laistigh de IADT. Tá ról lárnach ag an DSS maidir le caidrimh uathúla a bhainistiú le gach mac léinn, agus dúshlán míchumais sa timpeallacht ardoideachais a shainiú agus a thuiscint.

4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (ar lean)

- D'fhonn clárú leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, ní mór do mhac léinn teacht le haghaidh Measúnú Riachtanas agus Fianaise Dhiagnóiseach reatha a chur isteach, ag cloí le treoirlínte AHEAD. Rinneadh 274 measúnú riachtanas san iomlán i rith na bliana 2019/2020.
- Tá Míchumas Foghlama Sonrach ag an gcohort mac léinn is mó (100) (Disléicse, Dioscalcúile, Diosgraife). Tá méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn atá ag clárú sa dara catagóir is mó, Riochtanna Meabhairshláinte (44).
- Le linn na bliana acadúla 2019/2020, rinneadh 274 coinne tacaíochta (a mhair idir 15-30 nóiméad), agus cuireadh soláthar breise ar líne ar fáil le linn thréimhse dhianghlasáil COVID-19. Dhírigh na seisiúin tacaíochta acadúla ar réimsí mar: an bhainistíocht ama, an díriú, teicnící cuimhne agus spriocanna a shocrú. Chlúdaigh na seisiúin tacaíochta sóisialta ábhair éagsúla, agus ina measc: an féinchúram, an cairdeas, an féin-ionadaíocht, an muinín a chothú agus an treallús.

4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn

- Ba é cuspóir Sheirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn sa bhliain acadúil 2019/2020 ná an tacaíocht agus an idirghabháil síceolaíoch is fearr agus an bhainistíocht liosta feithimh is éifeachtaí a chinntiú.
- Le linn 2019/2020, d'aistrigh an Sheirbhís ón fhoireann a fhostú go buan go go seirbhís tairisceana le soláthraí seirbhíse seachtrach. Cuireadh Comhairleoir Mac Léinn breise ar conradh ar feadh 30 lá ar a laghad i rith na bliana acadúla.
- Idir an 13 Márta agus an 25 Iúil 2020, mar thoradh ar phaindéim an COVID-19, bhog comhairliúcháin duine le duine go soláthar seirbhísí cianda, agus seachadadh coinní comhairleoireachta trí ardáin cumarsáide ar líne agus teileafón. Ina theannta sin, uaslódáladh acmhainní meabhairshláinte do mhic léinn ar shuíomh gréasáin IADT agus ar Blackboard.
- D'fhreastail 213 mac léinn ar an Sheirbhís i rith na bliana acadúla. Bhí 932 coinne mac léinn aonair sceidealta, agus d'fhreastail mic léinn ar 737 díobh.



4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (ar lean)

- I measc na gcineálacha ceapachán ar freastalaíodh orthu bhí:
 - ⇒ Coinní iontrála (185)
 - ⇒ An teiripe comhairleoireachta gearrthéarmach (530)
 - ⇒ Práinneach - Géarchéim (5)
 - ⇒ Leanúnachas Ghéarchéime (3)
 - ⇒ Géarchéim - Buail Isteach (6)
 - ⇒ Atreorú Acadúil (4)
 - ⇒ Atreorú Leighis (4)
- Ba é líon na gceapachán ar freastalaíodh orthu in aghaidh an mhic léinn le linn 2019/2020:
 - ⇒ D'fhreastail 176 idir 1 agus 5 choinne;
 - ⇒ D'fhreastail 29 idir 6 agus 10 choinne;
 - ⇒ D'fhreastail 4 idir 11 agus 15 choinne;
 - ⇒ D'fhreastail 3 idir 16 agus 20 choinne;
 - ⇒ D'fhreastail 2 ar níos mó ná 21 coinne.
- D'fhreastail na míonna leis an líon is mó ceapachán le linn 2019/2020:

⇒ Deireadh Fómhair 2019	148
⇒ Samhain 2019	135
⇒ Eanáir 2020	136
⇒ Feabhra 2020	135
⇒ Márta 2020	131
⇒ Bealtaine 2020	115


4.7.3.6 Lárionad Sláinte na Mac Léinn

- I mí Mheán Fómhair 2019, chuir Lárionad Sláinte na Mac Léinn (SHC) tús lena triú bliain leis an Dr Nina Byrnes agus le

Comhpháirtithe Generation Health.

Soláthraíonn seirbhís IADT GP 12 uair in aghaidh na seachtaine i rith an téarma (i.e. 30 seachtain sa bhliain), 6 uair an chloig ar an gcampas móide 6 uair an chloig de choinní lasmuigh de (Glenageary) ar fáil go seachtainiúil do mhic léinn cláraithe IADT. Gearrtar táille €10-€20 as an gcoinne dochtúra mura sealbhóir cárta leighis an mac léinn.

- Feidhmíonn Suzanne Keily agus Joan Broderick mar altraí do mhic léinn agus eatarthu soláthraíonn siad 39 n-uaire in aghaidh na seachtaine ó Luan go hAoine i gcáil roinnte poist. Déanann siad triáis ar mhic léinn a thagann i láthair, reáchtálann siad clinici faoi stiúir altraí, freagraíonn siad glaonna éigeandála agus riarann siad garchabhair, déanann siad breoiteacht mac léinn a mheas agus soláthraíonn siad eolas chun folláine na mac léinn a chur chun cinn. Níl aon táille ar an altra a fheiceáil.
- Le linn 2019/2020, chuir an tIonad Sláinte Mac Léinn 1,561 coinne ar fáil.
- Ó mhí Feabhra 2020, mar thoradh ar phaindéim an COVID-19, bhog baill foirne an SHC chun obair go cianda. Ó Mheán Fómhair 2020, moltar go n-aistroidh an tseirbhís chuig coinní 'teile-shláinte' d'fhonn an riosca tarchuir COVID-19 in IADT a laghdú agus chun cuidiú le pobal an choláiste a chosaint ar an mbreoiteacht. Ní tharlóidh coinní duine le duine ach amháin nuair a bheidh / de réir mar is gá tar éis don triáis a bheith déanta ar an teilefóin.



4.7.3.6 Lárionad Sláinte na Mac Léinn (ar lean)

- Bhí baint ag Altraí Seirbhís leis na tionscnaimh seo a leanas le linn 2019/2020:
 - ⇒ Tabhartas Cógais Éigeandála (taispeántas ar conas EpiPen nó Buccal Midazolam a úsáid le haghaidh Titimeas;
 - ⇒ An tSeirbhís um Dáileacháin Coiscíní Náisiúnta i gcoláistí tríú leibhéal (i gcomhar le FSS);
 - ⇒ Cainteanna Feasachta ar Dhrugaí i gcomhar le hAontas na Mac Léinn ag IADT;
 - ⇒ Aip um Chúrsaí Sláinte Mac Léinn - i Meán Fómhair 2019, sheol Cumann Sláinte Mhic Léinn na hÉireann (ISHA) an Aip um Chúrsaí Sláinte Mac Léinn agus ríomhleabhar idirghníomhach, chun rochtain éasca, thapa agus áisiúil a chur ar fáil do mhic léinn faoi fhaisnéis sláinte iontaofa agus ábhartha. D'eagraigh Altra Ionad Sláinte Mac Léinn IADT, Joan Broderick ócáid seolta ar an gcampas don Aip.


4.7.3.7 An tIonad Foghlama do Mhic Léinn

- Is seirbhís tairisceana é an tIonad Foghlama do Mhic Léinn atá ann ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith, atá curtha ar fáil tríd an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta Oideachasúil (EPSS) sa Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN). Is seirbhís faoi stiúir

síceolaíochta é NLN an EPSS, a chuireann tacaíocht ar fáil do mhic léinn i gceithre institiúid tríú leibhéal, agus an IADT ina measc.

- Tá Síceolaí Cairte, Síceolaí Cúnta agus Teagascóir Matamaitice ag obair sa tSeirbhís. Le linn 2019/2020, d'oibrigh an SLC go dlúth i gcomhar leis an Oifigeach Míchumais san IADT chun tacú leis na mic léinn atá cláraithe leis an Seirbhís Tacaíochta Míchumais.
- Cuireann an Seirbhís seisiún aonair agus grúpa araon ar fáil, chomh maith le ceardlanna seachtainiúla .
- Le linn 2019/2020, bhí 109 mac léinn san iomlán ann a bhí cláraithe leis an Seirbhís agus tairgeadh 564 coinne do na mic léinn sin. Freastalaíodh ar 418 (74%) de na ceapacháin seo mar a bhí sceidealta, agus de ghnáth mhair gach coinne idir 20-60 nóiméad.
- Anuas air sin, rinneadh 22 seisiún buail isteach agus fiosruithe ríomhphoist le linn na bliana acadúla.
- I rith 2019/2020, áiríodh sna catagóirí míchumais a chláraigh mic léinn in IADT:
 - ⇒ Deacrachtaí Meabhairshláinte 17%
 - ⇒ Lagú Éisteachta/Amhairc 3%
 - ⇒ Deacrachtaí Urlabhra & Teanga 1%
 - ⇒ Tinneas Ainsealach 2%
 - ⇒ Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom 1%
 - ⇒ Dioscalcúile 2%
 - ⇒ Dysgraphia 1%

Students per Study Year



Supports availed of during 2019/2020



4.7.3.7 An tIonad Foghlama do Mhic Léinn (ar lean)

- ⇒ DCD 7%
 - ⇒ Disléicse 22%
 - ⇒ ADD/ADHD 12%
 - ⇒ ASD 7%
 - ⇒ Riochtaí néareolaíocha 1%
 - ⇒ Neamhoird Ghéiniteacha 1%
- Ag seo a leanas, miondealú ar na mic léinn de réir na bliana staidéir ina raibh siad le linn 2019/2020:

1ú Bliain	37%
2ú Bliain	14%
3ú Bliain	21%
4ú Bliain	28%
 - Ag seo, miondealú inscne na mac léinn sin a dhearbhaigh go raibh míchumas acu:

Mná	66%
Fir	34%
 - Ag seo a leanas, miondealú ar na tacaí a bhain mic léinn leas astu i rith 2019/2020:

Tacaíocht acadúil	37%
Tacaíochtaí Measctha	25%
Tacaíocht Eagraíochta	20%
Tacaíochtaí Sóisialta	2%
Tacaíochtaí Folláine	16%
 - Áiríodh ar na Tacaíochtaí Acadúla: Aistí / tuarascálacha a scríobh, scileanna taighde agus léitheoireachta, scileanna staidéir agus ullmhúchán le scrúduithe, tacaíocht le haghaidh tráchtas, tagairtí,

mionteagaisc a mhiondealú, an anailís chriticiúil agus argóintí a chur le chéile, agus tascanna a phleanáil agus nodanna don tobsmaointeoireacht.

- I measc na dtacaí eagraíochta bhí: an bhainistíocht ama, spriocanna agus spriocanna SMART a leagadh síos, forógra a sheachaint, an tíúchan agus an fócas a fheabhsú, tascanna a bhriseadh síos, gnáthamh a choinneáil agus spriocdhátaí a bhaint amach.
- I measc na dtacaí sóisialta bhí: cur leis an muinín maidir leis an gcur i láthair, ag caint go poiblí, ag obair i ngrúpaí, ab fhéin-ionadaíocht agus cairdeas a dhéanamh.
- Áiríodh ar na Tacaíochtaí Folláine: foinsí struis sa choláiste a bhainistiú, staidéar sláintiúil / cothromaíocht saoil a choinneáil, conas an spreagadh a chothú, deacrachtaí meabhairshláinte a bhainistiú sa choláiste, smaointe diúltacha agus an fhoirfeacht a shárú, agus féinmheas agus muinín a neartú.
- Anuas ar sheisiúin aonair, réachtáil an Seirbhís ceardlanna i rith na bliana acadúla. Áiríodh ar na ceardlanna seo :
 - ⇒ ‘Staidéar Cliste’ - a bhíonn ar siúl Déardaoin gach seachtain ó 1.10pm go 2pm agus áiríodh ann ábhair éagsúla, agus ina measc: aistí a

4.7.3.7 Student Learning Centre (SLC)

sheachaint, tagairtí a lua, an phrófáil, an bhainistíocht ama agus scileanna eagrúcháin, scileanna cur i láthair, scileanna taighde, seicliosta aighneacht tráchtais, an spreagadh a choinneáil agus leideanna staidéir agus athbhreithnithe .

⇒ “An tSraith Foghlama’ - i gcomhar leis an tSeirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn a bhíonn ar siúl uair sa choicís ó 1.10pm go 1.40pm agus a chlúdaíonn ábhair éagsúla, lena n-áirítear: Ag foghlaim faoin Strus, ag foghlaim faoin aireachas, ag foghlaim faoin imní, ag foghlaim faoi OCD agus ag foghlaim faoin dúlagar.

- Le linn 2019/2020, d’oibrigh an SLC i gcomhar leis an bhFoireann um Thaihtí na Mac Léinn ar roinnt tionscadal inmheánach lena n-áirítear: Cur i Láthair Foirne & Laethanta Oscailte, Agallaimh Ghairme Bréige , Seachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn Lánfhásta, Clár FYM, srl.

4.7.3.8 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionad aíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas.

Ba iad na trí Oifigeach Sabóideacha don bhliain 2019/2020:

- Anthony Dunne (Uachtarán Aontas na Mac Léinn)
- Oran Moten (Oifigeach Oideachais)
- Eimear Boyd (Leas agus Comhionannas)





5

Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha



5.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

5.1.1 Dámhachtainí Chomhaltaí Oinigh IADT

Ag an Searmanas Bronnta ar 8 Samhain 2019, fuair na daoine seo a leanas Dámhachtainí Comhalta Oinigh:

- Frank Keane as EisnerAmper Ireland mar aitheantas ar an méid a chur sé leis an ngnó in Éirinn ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus as a thacaíocht gan staonadh do mhic léinn, do bhaill foirne agus do chéimithe IADT.

5.2 Tionscadail

5.2.1 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt

DESTIN Project

In 2018, ghlac IADT páirt sa tionscadal nua Erasmus+ DESTIN 'Iriseoireacht Oideachas don Oideachas faoin Daonlathas san Úcráin: Caighdeán, Ionracas agus Gairmiúlacht a Fhorbairt' Uimhir an tionscadail: 598964-EPP-1-2018-1-UK-EPPKA2-CBHE-JP. Ar DESTIN, tá IADT freagrach as WP3 Forbairt Curaclaim Eorpach. Is é David Quin ceannaire IADT ar an tionscadal. Bhí baint ag Rónán Ó Muirthile, Ceann na Roinne

Scannán agus Meán, an Dr Therese Moylan, Ceann na Roinne Gnó agus Fiontraíochta, agus Caitriona Kirby ó Staidéar Meán Nua BEal (Onóracha) IADT le tionscadal DESTIN .

I mí na Bealtaine agus i mí na Nollag 2019, rinne IADT Oiliúint tionscadail i Kyiv (Bealtaine agus Nollaig 2019) agus ghlac David Quin agus Caitriona Kirby páirt in athbhreithnithe deisce Aibreán 2020 ar thionscadail ar chláir iriseoireachta athbhreithnithe.

Chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach maoiniú leantach do DESTIN, ag leathnú an tionscadail go 2023, le pleananna uailmhianacha maidir le soghluaisteach foirne agus mac léinn atá ag teacht isteach agus atá ag dul as an fhoireann araon.

Tionscadal DisAbuse

Clár oideachais dhá bhliain Erasmus+ a bhí sa tionscadal DisAbuse, a raibh sé mar aidhm aige dul i ngleic leis an mbulaíocht um an míchumas agus a raibh forbairt uirlisí teagaisc ar líne i gceist leis. Bhí baint ag Marian McDonnell agus an Dr Irene Connolly ón Roinn Teicneolaíochta & Síceolaíochta in IADT leis an tionscadal seo.

5.2.1 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

DisAbuse (Cont'd.)

Cuireadh ábhair theagaisc agus foghlama ar fáil leis an Tionscadal DisAbuse, agus cúrsa freisin atá tacaithe le huirlisí ilmheán agus tuilleadh gníomhaíochtaí cuiditheacha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a bhfuil Riachtanais agus Míchumais Oideachais Speisialta acu. Tá na hábhair uile ar fáil ar líne ar an suíomh gréasáin

www.DisAbuse.eu.

Críochnaíodh an tionscadal Disabuse i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus foilsíodh an obair a bhí déanta ann ag comhdháil an Chumainn um Chur Chun Cinn na Teicneolaíochta Cúnta san Eoraip (AAATE) i mBologna Meán Fómhair 2019, agus ag Comhdháil Doctrid in OÉ Gaillimh.

Baineadh úsáid as modheolaíocht Disabuse i bpáipéar eile a foilsíodh ag an 17ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Líne ar Ríomhairí ag Cuidiú le Daoine le Riachtanais Speisialta in 2020. Tá ábhair an tionscadail á n-úsáid ag soláthraí seirbhíse ó dheas i mBaile Átha Cliath agus tá siad curtha chun cinn ag Enable Ireland.

Tionscadal GS-CAPS

Is tionscadal é Scoil na gCéimithe um Chuir Chuíge Cruthaitheacha i leith Spáis Phoiblí

(GS-CAPS) atá faoi stiúir Marion Hohlfeldt, Ollscoil 2 Rennes. Tá baint ag an Dr Maria Parsons, léachtóir le Staidéar Béarla, Meán & Cultúir BEal (Onóracha) IADT leis an tionscadal seo freisin. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal CS-CAPS na naisc idir oiliúint agus taighde ar leibhéal ardoideachais a dhéanamh níos daingne. Tá sé mar aidhm aige dinimic a bhunú idir ollscoileanna, scoileanna agus comhpháirtithe le fócas ar ábhair ar leith.

Feidhmeoidh an Tionscadal GS-CAPS mar gortann do thionscadail, mar shuíomh le haghaidh turgnaimh, agus mar áit le haghaidh teagmhálacha ina bhforbrófar comhghníomhaíochtaí d'fhonn clochlú sóisialta éifeachtach a bhaint amach.

Áirítear ar na comhpháirtithe sa tionscadal seo; Ollscoil Bauhaus, Weimar (An Ghearmáin), Ollscoil Concordia, Montreal (Ceanada), Ollscoil Goldsmith Londain (RA), IADT, Acadamh Náisiúnta Ealaíon Oslo (an Iorua), Ollscoil Leuphana, Lünburg (An Ghearmáin), Ollscoil Swinburne, Melbourne (An Astráil), Ollscoil na nEalaíon Poznan (an Pholainn), Ollscoil Barcelona (an Spáinn), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Éire), Ollscoil Stáit Texas (SAM) agus Lónra Idirnáisiúnta CREA 2S. Mar gheall ar impleachtaí phaindéim an COVID-19, cuireadh seoladh oifigiúil an tionscadail ar atráth go dtí Aibreán 2021.

5.2.1 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

Tionscadal Idirnáisiúnta um an tSoghluaisteacht Chreidmheasa

- Coimeádáin caidéal aonair agus muilte salainn agus piobar a chur in ionad saicíní aonair anlainn, siúcra, salainn agus piobar;
- Gloiní páipéir a chur in ionad spéaclaí uisce plaisteacha;
- Níos mó coimeádán beir-leat a thabhairt isteach;
- Dríodar caife a thabhairt do na baill foirne / mic léinn dá ngairdíní;
- Tobhach ar chupáin dí aon úsáide a bheith tugtha isteach;
- Fáil réidh leis na fuaraitheoirí uisce atá fós sa champas.

Ina theannta sin, chuir an Institiúid buidéal chruach dhosmálta ar fáil le ceannach ag an bhfoireann agus ag na mic léinn araon. Suiteáladh roinnt dáileoirí uisce ar fud fhoirgnimh an champais.

Energy Use kWh	2020	2019	2018	2017	2016	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009
Gas	2147267	2286567	2379600	2266009	2090151	1949765	1720395	2202143	1921221	1600379	1996718	1632136
Electricity	1381857	1809565	1939692	1905654	1800975	1736304	1721298	1885562	1812206	1788057	1763645	1683328



5.8.3 An tdiú Fuinnimh

Ríomhtar rianú náisiúnta ar idiú fuinnimh san earnáil phoiblí i mí na Bealtaine gach bliain don bhliain féilire roimhe sin, rud a fhágann go ndéantar mí-ailíniú le timthriall tuairiscithe bliantúil IADT. Éilíonn IADT fós, áfach, feabhas 21% ar choigilteas chun an sprioc coigiltis 33% do 2030 a bhaint amach. Leanann IADT ag díriú ar uasghrádú soilsithe, rialuithe soilsithe, uasghrádú coirí agus córais rialaithe tógála d'fhonn leanúint de choigilteas a bhaint amach.

5.8.4 Freagra um COVID-19

Le linn na paidéime COVID-19 in 2020, rinne tionscadal na hOifige Eastáit & Áiseanna bainistíocht ar shuiteáil comharthaíochta, infographics agus cheangal bealaigh a dearadh chun cabhrú le:

- Ceangal, grafaic faisnéise agus comharthaíocht sheachtrach agus inmheánach a aithint agus a fhorbairt.
- Príomhbhealaí taistil a shainaithint, lena n-áirítear córais taistil aon-bhealach, agus ceartbhealaí chun an scaradh fisiceach a chur san áireamh.
- Córais scuaine a shainaithint agus a shuiteáil do phríomhspásanna teagaisc, bialanna, leithris, trealamh srl., chun an scaradh fisiceach a bheith curtha san áireamh.
- An bealach is fearr le troscán, leithris srl. a

chur in iúl agus a fhorbairt.

Thug an Oifig Eastáit & Áiseanna faoi na hidirghabhálacha seo a leanas d'fhonn an Institiúid a ullmhú chun athoscailt chomh sábháilte agus is féidir, agus príomhghné is ea laghdú na 'pointí tadhaill':

- Figiúirí áitíochta a bhunú do na seomraí go léir agus earraí breise troscáin a bhaint.
- Feistí 'coimeád ar oiscailt' a shuiteáil ar an oiread doirse agus is féidir i gconairí, staighrí agus i limistéir ardthráchta, bialann na mac léinn agus an Leabharlann, mar shampla. Chun críocha sábháilteachta, dúnann na doirse go huathoibríoch ar ghníomhachtú aláraim dóiteáin.
- Feistí oscailte dorais le hoibriú coise a shuiteáil ar dhoirse an tseomra leithris.
- Suiteáil stáisiúin sláintíochta uathoibríocha i bpríomhbhealaí siúlóide agus ag na bealaí isteach / amach agus na ceantair ardthráchta ar fud an champais.
- Suiteáil ábhar glantacháin féinúsáidte i ngach spás ranga agus i ngach oifig foirne.
- Suiteáil sconnaí uathoibríocha agus dáileoirí gallúnaí i ngach seomra folctha agus stáisiún nigh.
- Scáileáin ghloine a shuiteáil nuair is gá do bhaill foirne teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine eile.

5.9 Bainistíocht Sábháilteachta

5.9.1 An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Feidhmíonn Coiste Sláinte agus Sábháilteachta IADT mar choiste comhairleach do na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta (de réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005) maidir le gach gné de shábháilteacht, de shláinte agus de leas maidir leis an bhfoireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí.

5.9.2 Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta

Le linn na bliana acadúla 2019/2020, d'fhreastail baill foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas:

- Oiliúint Ionduchtaithe COVID-19
- Oiliúint CPR
- An Gharchabhair Mhothúcháin
- Oiliúint do Mhaor Dóiteáin
- Oiliúint Garchabhrach & COVID-19
- Oiliúint Láimhseála Láimhe
- Farchabhair Cheirde
- Oiliúint Ceirde Sláinte & Sábháilteachta (do Bhainisteoirí)
- Sonraí a Chosaint agus tú ag Obair ón mbaile
- Tú féin a Chosaint agus tú ag Obair ón mbaile
- Oiliúint um Measúnú Riosca

- Oiliúint um Pas Sábháilte

5.9.3 Gníomhaíochtaí Druileanna Dóiteáin agus Aláirim Dóiteáin

Cuireadh Druileanna Dóiteáin a bhí beartaithe do mhí na Samhna 2019 ar ceal mar gheall ar dhálaí drochaimsire. Rinneadh iad seo a athsceidealú do mhí Feabhra / Márta 2020 ach cuireadh ar ceal arís iad mar gheall ar phaindéim an COVID-19.

Le linn na bliana acadúla 2019/2020, tharla ceithre ghníomhachtú aláirim dóiteáin san iomlán; d'éiligh ceann acu freastal ar an mBriogáid Dóiteáin ar champas.

5.9.4 Tuairisciú Reachtúil ar Thimpistí & Teagmhais

Le linn na bliana acadúla 2019/2020, bhí sé thimpiste a tharla ar champas IADT. Cuireadh cóireáil ar na páirtithe gortaithe go léir ar an láthair, ach amháin i gcás beirt a raibh gá acu le freastal ar A&E, tuairiscíodh timpiste amháin don Údarás Sláinte & Sábháilteachta. Ina theannta sin, tharla trí eachtra ar an gcampas le linn 2019/2020.

5.9.5 Ráiteas Sábháilteachta

Rinneadh an Ráiteas Sábháilteachta reachtúil a athbhreithniú agus a athdhréachtú i Meitheamh 2020.



5.10 Freagra IADT ar COVID-19

I mí Eanáir 2020, bhunaigh an Institiúid Grúpa Pleanála agus Oibre Teagmhas Criticiúil de réir Phrótacal Teagmhas Criticiúil na hInstitiúide. Bhí an Cláráitheoir agus an Rúnaí / Rialaitheoir Airgeadais ina gcomhchathaoirleach ar an nGrúpa Pleanála agus Oibre. Lean an Grúpa ag teacht le chéile ar fud Ghéarchéime Pandemic COVID-19. Tá Foireann Bainistíochta na hInstitiúide ainmnithe mar Fhoireann Bainistíochta Freagartha COVID-19. Ceapadh Ionadaithe Luaidhe Oibrithe ar an nGrúpa Pleanála agus Oibre a athainmníodh mar C-19 CIRT.

Rinne gnéithe den Institiúid (TFC, Airgeadas agus AD) pleanáil leanúnachais gnó a thriail le cianobair ag deireadh mhí Feabhra 2020.

De réir chinntí an Rialtais, tháinig deireadh le gníomhaíocht uile an Champais an 12 Márta 2020. De réir chinntí an Rialtais, ceadaíodh rochtain theoranta ar an gCampas ón 18 Bealtaine agus i rith mhí an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa 2020.

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an Institiúid a Ráiteas Beartais COVID-19 agus Prótacail

Champas, de réir cheanglais an Rialtais.

Grúpaí Pleanála maidir le Bainistíocht agus Pleanáil Acadúil; Bunaíodh Amchlár agus Cumarsáid, Ceangal Bealaigh agus Comharthaíocht chun pleanáil le haghaidh filleadh ar an gCampas i Meán Fómhair 2020.

Aistríodh cruinnithe uile na hInstitiúide, lena n-áirítear cruinnithe an Chomhlachta Rialaithe chuig ardáin ar líne agus tionóladh go cianda iad.

Gach próiseas acadúil, lena n-áirítear scrúduithe agus measúnuithe; cuireadh admháil agus measúnú punainne agus taispeántas deireadh bliana i bhfeidhm agus reáchtáladh iad ag úsáid ardáin ar líne agus iargúlta.

Fuair an Institiúid raon tacaíochtaí Rialtais tríd an HEA maidir le ríomhairí glúine do mhic léinn, tacaíochtaí sláinte meabhrach don fhoireann agus do mhic léinn agus tacaíochtaí breise le haghaidh a) ullmhúcháin le haghaidh filleadh ar an gCampas agus b) forbairt agus leanúint de sheachadadh iargúlta acadúil.



6 Pearsanra

6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Coibhéiseacha Ama Iomlán (WTE) agus tá poist féin-mhaoinithe iontu amhail an 31 Meán Fómhair 2020:

Chatagóir Foirne	2019/2020
• Acadúil	120
• Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	54
• Taighde	5
• Seirbhísí do Mhic Léinn	6
• Tacaíocht Theicniúil	16
• Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>11</u>
Iomlán	212

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don 2019/2020, b'ionann an tuaslíon agus 216 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

6.2 Comhionannas agus Éagsúlacht

6.2.1 Athena SWAN Ireland

In 2017/18 bunaíodh Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN agus ba é an Dr Andrew Power, Cláraritheoir agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht a bhí mar chathaoirleach air. Bunaíodh Cairt Athena SWAN sa bhliain

2005 chun tiomantas maidir le gairmeacha na mban i bhfostaíocht san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sa mhataimic agus sa leigheas in ardoideachas agus taighde a spreagadh agus a aithint. Tugadh freagracht d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN maidir le measúnú na hInstitiúide, agus le hullmhú iarratas na hInstitiúide le Advance HE chun teastasú Cré-umha faoin gclár Athena SWAN a bhaint amach.

Mar atá luaite cheana féin sa Tuarascáil seo, in Aibreán 2019, rinne an Institiúid iarratas ar Advance HE le haghaidh creidiúnú Cré-umha Athena SWAN ach níor éirigh leis an uair sin. Le linn na bliana acadúla 2019/2020, lean an Bainisteoir Éagsúlachta agus Cuimsitheachta Comhionannais, chomh maith leis an bhFoireann Féinmheasúnaithe agus na Grúpaí Oibre ag obair i dtreo an athiarratais ar chreidiúnú Cré-umha Athena SWAN.

6.2.2 Infheisteoirí sa Chré-umha Éagsúlachta

Tar éis próiseas iarratais agus iniúchadh ar shraith beartas na hInstitiúide don fhoireann agus do mhic léinn, creidiúnaíodh IADT le hInfheisteoirí Cré-umha san Éagsúlacht (IiD) ag leibhéal iontrála. Is é IiD an chéad mharc uile-chuimsitheach Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsitheachta in Éirinn.

6.2.2 Infheisteoirí sa Chré-umha Éagsúlachta (ar lean)

Déanann Ionad Éagsúlachta na hÉireann maoirseacht ar liD agus tacaíonn IBEC agus Ionad Feabhais Éagsúlachta agus Cuimsithe an DCU leis. Aithníonn liD Bronze go bhfuil sé de chumas ag IADT bunús láidir a thógáil chun EDI a leabú i gcórais eagrúcháin níos leithne na hInstitiúide. Rud atá tábhachtach, tá IADT ar cheann de bheagán institiúidí ardoideachais in Éirinn a dhéanann iarratas ar an gcaighdeán seo agus a bhaint amach.

Ag leanúint ón bpróiseas liD, d'fhoilsigh an Institiúid Beartas Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsithe. Leagtar amach sa bheartas seo tiomantas IADT do EDI i gcomhar le comhthéacs reachtach an chomhionannais in Éirinn. Ritheann an creidiúnú ó Mheitheamh 2020 agus beidh sé bailí ar feadh 24 mhí.

6.2.3 Imeachtaí Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsitheachta 2019/2020

Tionóladh roinnt imeachtaí a bhaineann le EDI le linn 2019/2020. Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh i Márta 2020, d'óstáil an Dr Annie Doona, Uachtarán, tráth na gceist foirne mar chabhair do Women's Aid. Thug an síceolaí, údar, cainteoir, sainchomhairleoir agus craoltóir, an Dr Maureen Gaffney, príomh-léacht Lá Idirnáisiúnta na mBan ar 'Gender at Work' .

Le linn 2019/2020, d'eagraigh Bainisteoir EDI seisiúin oiliúna píolótacha d'fhoireann ar conas tacú le baill neamh-dhénártha tras-inscne agus inscne de phobal IADT, agus maidir le comhionannas inscne agus claontacht neamhfiosach san ionad oibre, agus tá deiseanna oiliúna breise EDI beartaithe sa todhchaí.

6.2.4 Creat Toilithe

Déanann Bainisteoir EDI maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chreata Toilithe san Institiúid agus tá sé ina Chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Toilithe IADT. Tá an bhallraíocht comhdhéanta de phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill foirne acadúla, Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn, AD, EDI, ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn, agus sainghníomhaireachtaí seachtracha.

Tá dualgas cúraim ar institiúidí dá gcuid mac léinn agus baill foirne, agus freagracht orthu cultúr campais a chothú atá soiléir i gcáineadh iompraíochtaí nach dteastaíonn agus do-ghlactha.

Ní amháin go mbaineann eispéireas na mac léinn ardoideachais le sármhaitheas acadúil a shaothrú, ach freisin mic léinn a ullmhú le dul i dteagmháil leis an tsochaí agus cur go dearfach leis. Trí eispéireas dearfach mac léinn a chruthú tugtar cumhacht do dhaoine cultúr meas, dínit agus ionracais a chothú.

Mar chuid de fhreagra IADT ar an gCreat um Thoiliú, cuirfear ceardlanna toilithe ar líne ar fáil do gach mac léinn in 2020/2021, le fócas ar leith ar mhic léinn na chéad bhliana. Cuirfidh Ionad Géarchéime um Éigniú Bhaile Átha Cliath oiliúint ar fáil do phríomhróil atá os comhair mac léinn maidir le nochtheadh ionsaithe gnéis, atá curtha in oiriúint don earnáil tríú leibhéal.

6.2.5 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2020


Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne rithábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine agus d'idirghabháil spriocdhírthe maidir le comhionannas inscne go sonrach.

Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh

gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fíis agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fíis agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himheánach agus go seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.


Tá baill foirne IADT riachtanach chun fíis agus misean na hInstitiúide a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí agus caidreamh dearfach agus gairmiúil maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himheánach agus go seachtrach, rath agus forbairt leanúnach na hInstitiúide. Tá IADT ag cur ceist an chomhionannais inscne chun cinn go gníomhach ó thaobh foirne agus ó thaobh tacú le himeachtaí mac léinn, i.e. ócáid bhliantúil Young Women in Film. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le líon na foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar an miondealú inscne laistigh den Institiúid sna léaráidí thall.

6.2.2 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2020 (ar lean)



Comhlacht Rialaithe

Mná **50%** Fir **53%**
 Mná **9** Fir **9**




Gach Ball Foirne

Mná **52%** Fir **48%**
 Mná **102** Fir **93**




Foireann Feidhmiúcháin

Mná **20%** Fir **80%**
 Mná **1** Fir **4**




Baill Foirne Acadúla

Mná **46%** Fir **54%**
 Mná **50** Fir **59**



Foireann Bainistíochta

Mná **50%** Fir **50%**
 Mná **9** Fir **9**



Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta

Mná **59%** Fir **41%**
 Mná **51** Fir **36**

6.3 Éachtaí Foirne

6.3.1 Baill Foirne Neamhdhámh

David Smith

- Ceapadh é mar Uachtarán ar IADT i mí na Samhna 2019 agus chuaigh sé i mbun oifige an 1 Aibreán 2020.
- Ball den Fhóram Dearaidh Náisiúnta agus ghníomhaigh sé mar ionadaí Oideachais agus Tionscail ag tabhairt comhairle don Roinn Fiontar Gnó & Nuálaíochta ar Thionscail Chruthaitheacha.
- Nuair a ceapadh é mar Uachtarán IADT, tháinig sé chun bheith ina bhall de Bhord Stiúrthóirí an Chumainn Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA).
- I mí Eanáir 2021, a ceapadh ar Bhord Seirbhísí EduCampus.
- Ceapadh é mar ionadaí ar Choiste Bainistíochta Feidhmiúcháin Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha, tionscadal arna mhaoiniú ag HCI le comhpháirtithe comhghuaillíochta NCAD agus UCD.

An Dr Andrew Power

- ‘Creative Island’ seachadta ag Comhdháil Future Island, Amharclann O’Reilly, UCD, Meán Fómhair 2019.

- ‘Creating Allies: Bringing Everyone on Board with D+I’ ar seachadadh ag Women in Technology World Series, An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2019.
- ‘Understanding leadership in higher education as a tool for change in relation to gender’, foilsithe aige in Drew, E. agus Canavan, S. Eag, The Gender Sensitive University: A Contradiction in Terms? Londain: Routledge (2020).
- D’fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Staidéar Eiticíúil, Polaitiúil, Dlí agus Fealsúnachta in Acadamh Ríoga na hÉireann.
- D’fhóin sé mar mheantóir don eagraíocht Girls in Tech.
- D’fhóin sé ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis don Aire Gnóthaí Ealaíon, Oidhreacht, Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta é a cheapadh. Mar chuid de sin d’fhóin sé an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ar an gCoiste Eastáit agus Caipitil.
- D’fhóin sé ar an mBord Achomhairc um Aicmiú Scannán tar éis don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais é a cheapadh .

An Dr Andrew Power (Cont'd.)

- Rinne an tAire Ardoideachais é a cheapadh mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Mearfhreagartha a bunaíodh chun tuairisc a thabhairt agus moltaí a dhéanamh ar cheist na mí-úsáide substaintí san earnáil Ardoideachais agus Scileanna in Éirinn. Mar thoradh air sin, foilsíodh an Creat um Fhreagairt ar Úsáid Substaintí Aindleathacha san Ardoideachas i mí Feabhra 2020.
- Ainmnithe ag THEA d'Fhóram Comhairleach QQI.
- Ainmnithe ar Choiste Iniúcháireachta Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Sheol sé an foilseachán 'Inclusive Assessment and Feedback: Universal Design Case Studies from IADT and UCD' sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Cheap an tAire Stáit Ardoideachais é ar an nGrúpa Comhairleach Saineolaithe chun 'an Creat Toilithe in Institiúidí Ardoideachais' a fhorbairt.
- Ceaptha mar chathaoirleach ar an nGrúpa Mearfhreagartha a bhunaigh an tAire Stáit Ardoideachais.

6.3.2 Baill Foirne Dámh Scannánaíochta, Ealaíne & Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha (FACT)

An Dr Irene Connolly

- 'An Póstaer 'My Money Counts and Let's Stop Bullying' (le McDonnell M. agus Rowler D.) curtha i láthair ag Comhdháil Doctrid VI a tionóladh in OÉ, Gaillimh an 19 agus an 20 Meán Fómhair 2019.
- Cainteoir painéil ag an gComhdháil Idirnáisiúnta DisAbuse ag Fonazione Mondo Digitale sa Róimh, an Iodáil an 27 Meán Fómhair 2019.
- Taighdeoir le Cathaoirleach UNESCO ar conas dul i ngleic le Bulaíocht i Scoileanna agus sa Chibearspás san Ionad Frithbhulaíochta i DCU, Baile Átha Cliath.

An Dr Maeve Connolly

- 'Televisual Remains and Social Bodies' (Skype Talk) arna sheachadadh ag an tsraith I AM THE DANGER !, the Art of TV, sa Ghailearaí Sealadach, Ionad na hEalaíne Comhaimseartha, Köln, an Ghearmáin an 28 Meán Fómhair 2019.
- 'Media-Based Time: Infrastructure and Temporality in 1990s Art', saIMMA Talks Online an 20 Bealtaine 2020.

6.3.2 Baill Foirne Dámh FACT (ar lean)

An Dr Mark Curran

- ‘CAPITAL’, taispeántas grúpa ag an Ballarat Biennale san Astráil (Lúnasa go Deireadh Fómhair 2019).
- Bhronn Cultúr na hÉireann Sparánacht Rialtas na hÉireann air (Fómhar 2019).
- ‘TAXED TO THE MAX’, taispeántas grúpa ag Noorderlicht 2019, Groningen, an Ísiltír (Deireadh Fómhair go Nollaig 2019).
- ‘MUSEUM OF CAPITALISM’, taispeántas grúpa ag The New School / Parsons, Nua Eabhrac, SAM (Deireadh Fómhair go Nollaig 2019).

An Dr Sinead Hogan

- Comh-eagraí ‘Hannah Arendt: Art & Thinking’ Imeacht grúpa léitheoireachta ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (Samhain 2019 go hAibreán 2020)

An Dr Olivia Hurley

- D’óstáil sí díospóireacht phainéil ar spóirt ghairmiúla na mban ag Lá Oscailte IADT an 26 Samhain 2019; ar an bpainéal bhí Kellie Harrington, Gillian Pinder agus Sene Naoupu.
- ‘The what, where, how and why of sport (and exercise) psychology’ a bhí curtha ar

siúl ag Comhdháil Gairmeacha an PSI sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh an 29 Feabhra 2020.

- Síceolaí Comhairleach Spóirt d’fhoireann Rugbaí Ban Laighean.
- Chuir sí seimineár gréasáin i láthair mar chuid de scoil samhraidh fíorúil EVOLVE / CTYI (Bealtaine agus Iúil 2020).
- Agallamh le Theresa Lowe dá podchraoladh ‘Confident Me’ an 6 Lúnasa 2020.

Mark Joyce

- ‘Taispeántas grúpa ‘Remote Joy’ sa Ghailearaí Green on Red, Baile Átha Cliath ón 14 Bealtaine go dtí an 28 Meitheamh.
- Taispeántas aonair ‘Tyndall’s Blues’ ag VISUAL Cheatharlach ó Iúil go Deireadh Fómhair 2020.

Marian McDonnell

- An Póstaer ‘My Money Counts and Let’s Stop Bullying’ (le Connolly I. agus Rowler D.) curtha i láthair ag Comhdháil Doctrid VI a tionóladh in OÉ, Gaillimh an 19 agus an 20 Meán Fómhair 2019.
- Cainteoir painéil ag an gComhdháil Idirnáisiúnta DisAbuse ag Fondazione Mondo Digitale sa Róimh, an Iodáil an 27 Meán Fómhair 2019.

6.3.2 Faculty of FACT Staff Members (Cont'd.)

David Quin

- Ceannaire Tionscadail agus Comhordaitheoir tionscadal Soghluaisteachta Creidmheasa Idirnáisiúnta KA1 le Sumy State University, an Úcráin (2018-2020)
- Ceannaire Tionscadail agus Comhordaitheoir ar thionscadal Idirnáisiúnta Soghluaisteachta Creidmheasa KA1 le hAcadamh Stáit Mínealaíona na hAirméine agus Institiúid Amharclainne agus Cineamatagrafaíochta Stáit Yerevan, an Airméin (2018-2020)
- Ceannaire Tionscadail IADT ar thionscadal KA2 DESTIN (an Iriseoireacht san Úcráin); ceannaireacht ar Phacáiste Oibre DESTIN 3: Forbairt Curaclaim na hEorpa (2018-2021).

Amanda Ralph

- Buaiteoir foriomlán Ghradam Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin as a cuid oibre i dTaispeántas Oscailte 2019 Utopia / Dystopia. Tionóladh an taispeántas sa Ghailearaí Bardasach, dlr Lexicon ón 12 Nollaig 2019 go dtí an 26 Eanáir 2020.

An Dr Sivakumar Ramachandran

- ‘Higher Education Approaches to Engender Students’ Environmental Consciousness in Electronic Device Design’ arna sheachadadh ag an Oideachas Innealtóireachta um Fhorbairt Inbhuanaithe 2020 sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh (Meitheamh 2020).
- Suíomh gréasáin a bhunú do léiritheoirí scannáin / teilifíse ar scála beag chun píolótaí ‘trialacha’ a fhorbairt do thaispeántais teilifíse ionchasacha.
- Bronnadh an Síol-Mhaoiniú ar an Tionscadal Feabhsúcháin Áitiúil ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas do thionscadal chun uirlisí teagaisc san oideachas leictreonaice a fhorbairt do lucht déanta samhlacha agus d’ealaíontóirí .

An Dr Elaine Sisson

- Ceaptha ar Bhord Eitice Náisiúnta an Fhórait Náisiúnta um Theagasc agus Fhoghlaim san Ardoideachas (2019 go dtí seo).
- ‘Anne Yeats, Theatre Designer’ arna sheachadadh ag Comhdháil Yeats na mBan i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an 1 Feabhra 2020.

6.3.2 Faculty of FACT Staff Members (Cont'd.)

An Dr Elaine Sisson (ar lean)

- Lean sí ag feidhmiú mar Chomhalta Boird Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Kathleen Walsh

- Dámhachtain deartha do GFT Éireann, comhdhéanta de bhabhla snoite adhmaid agus roisín, a rinneadh as crann darach a thit ar lár ar champas IADT le linn Stoirm Ali i Meán Fómhair 2018. Bronnadh an píosa ceardaíochta seo ar Tim Cook (POF Apple) mar Ghradam Aitheantais Speisialta.

Le linn na bliana acadúla 2019/2020, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, lena n-áirítear:

- Ger Clancy
- An Dr Irene Connolly
- An Dr Maeve Connolly
- An Dr Mark Curran
- An Dr Olivia Hurley
- An Dr Elaine Sisson
- Des Ward

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne

An Dr Sarah Balen

- Ball de chuid bhord an Lárionaid Náisiúnta um Staidéar Franco-Gaeilge, IT Thamhlachta, Baile Átha Cliath.

An Dr Josephine Browne

- ‘LCDCs and the Irish Local Authority structure: good entrepreneurial governance or a bureaucratic quango?’ ar tugadh ag an ISBE i Manchain san RA an 14 Samhain 2019
- Tionscadal Chomhaontas Aoisbhá DLR le Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin an 9 Meitheamh 2019.

An Dr Catriona Kirby

- Bhí sé ina bhall de DESTIN Project, painéal athbhreithnithe piaraí arna mhaoiniú ag Erasmus atá tiomnaithe do ‘Journalism Education for Democracy in Ukraine: Developing Standards, Integrity and Professionalism’. Bhí cuairt ar an Úcráin in Aibreán 2020 áirithe mar chuid den tionscadal seo.

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne (ar lean)

Rebecca Roper

- Chuir sí le taighde ar an bhFoghlaim faoi stiúir Piaráí le TCD mar chuid de Chiste Nuálaíochta agus Claochlaithe an ÚAO a chríochnaigh le Siompóisiam an Chláir um Aistriú Mac Léinn faoi stiúir Piaráí in Óstán an Hilton Garden, Baile Átha Cliath an 22 Samhain 2019.

An Dr Therese Moylan

- ‘Inclusive Assessment and Feedback: Universal Design case studies from IADT and UCD’ le Padden L, Tonge J., agus O’Neill T., arna sheachadadh ag comhdháil ar líne AHEAD 2020 1 Bealtaine 2020.
- Iarratas rathúil ar mhaoiniú ón bhFóram Náisiúnta um Ailíniú Straitéiseach ar Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama; I measc na baill foirne bhí Fiona Snow agus Rebecca Roper ón IADT; Maoiniú €84,000 faighte do thrí thionscadal.
- Maoiniú daingnithe ón bhFóram Náisiúnta do SATLE le haghaidh seimineár dar teideal ‘Developing the Entrepreneurial Mindset through Teaching, Learning and

Assessment’, a tionóladh ar champas IADT i mí Feabhra.


- Ball de chuid Choiste Meastóireachta Oifig Fiontar Áitiúil DLR.
- Ball de chuid bhord Amharclann an Phailliúin, Dún Laoghaire .

An Dr Kevin Wallace

- Ball de Bhord Gobharnóirí Choláiste Breisoideachais Stígh Lorgan (2019 go dtí seo).
- Ball de chuid Phainéal Bailíochtaithe QQI d’Institiúid Teicneolaíochta Shligigh (2020).

Le linn na bliana acadúla 2019/2020, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i nDámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí lena n-áirítear:

- An Dr Josephine Browne
- An Dr Elizabeth McCarthy
- An Dr Jenny McDonnell
- An Dr Michael Murphy
- Jeff Taylor
- An Dr Kevin Wallace



7 Ráiteas Airgeadais

7.1 Ráiteas Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 11 Bealtaine 2021. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2020.

7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2019/2020

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

	2020 €000	2019 €000
Ioncam		
Deontas Stáit	10,623	9,009
Táille Teagaisc	8,569	8,768
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	1,675	1,956
Deontais agus Conarthaí Taighde	765	691
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	268	268
Ioncam ó Ús	3	16
Cistiú Pinsin Iarchurtha	5,373	4,956
Ioncam Eile	942	1,365
	<u>28,218</u>	<u>27,028</u>
Caiteachas		
Costais Foirne	15,681	15,360
Costas Sochar Scoir	5,373	4,956
Costais Oibriúcháin Eile	4,907	5,953
Dímheas	1,675	1,619
	<u>27,636</u>	<u>27,888</u>
Barrachas Oibriúcháin	<u>582</u>	<u>(860)</u>
Cailteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	(1,850)	(829)
Laghú ar Dhliteanais Phinsin a d'éascair as Scoir i rith na Bliana	2,593	3,708
Athruithe ar Thiomhdí atá mar bhunús le Luach Reatha Scoir Oibleagáidí Sochair	1,989	(10,783)
	<u>2,732</u>	<u>(7,904)</u>
Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain	<u>(2,732)</u>	<u>7,904</u>
Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>(2,732)</u>	<u>7,904</u>
Ioncam Cuimsitheach Iomlán	<u>582</u>	<u>(860)</u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na cailteanais go léir a thuairiscítear don bhliain

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 05/05/2021

Dáta: 05/05/2021

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2020

	Cuntas Caipitil €000	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000	Cúlchiste Ioncaim €000	Iomlán €000
An 1 Meán Fómhair 2018	<u>39,200</u>	<u>4,000</u>	<u>3,964</u>	<u>47,164</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	(860)	(860)
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	1,376	0	0	1,376
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	8	0	0	8
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	307	0	0	307
Leithdháilte ó Ioncam Tionscadail	11	0	0	11
Amúchadh de réir Díscríobh Sócmhainne	(336)	0	0	(336)
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,619)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,619)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(253)</u>	<u>0</u>	<u>(860)</u>	<u>(1,113)</u>
An 31 Lúnasa 2019	<u>38,947</u>	<u>4,000</u>	<u>3,104</u>	<u>46,051</u>
Barrachas oibriúcháin	0	0	582	582
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	675	0	0	675
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	5	0	0	5
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	333	0	0	333
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	0	0	0	0
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,675)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,675)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(662)</u>	<u>0</u>	<u>582</u>	<u>(80)</u>
An 31 Lúnasa 2020	<u>38,285</u>	<u>4,000</u>	<u>3,686</u>	<u>45,971</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 05/05/2021

Dáta: 05/05/2021

An Ráiteas ar an Staid Airegeadais Amhail an 31 Lúnasa 2020

	2020	2019
	€000	€000
Sócmhainní Seasta		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	<u>38,285</u>	<u>38,947</u>
Sócmhainní Reatha		
Infháltais	395	294
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>10,387</u>	<u>8,391</u>
	10,782	8,685
Nithe Iníoctha		
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain Amháin	<u>(3,096)</u>	<u>(1,581)</u>
Glansócmhainní Reatha	<u>7,686</u>	<u>7,104</u>
Sochair Scoir		
Chomaoin um Shocair Scoir	(86,699)	(86,233)
Sócmhainn Maoinithe um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>89,699</u>	<u>86,233</u>
Glansócmhainní	<u>45,971</u>	<u>46,051</u>
Arna Léiriú ag:		
Cuntas Caipitil	38,285	38,947
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	4,000	4,000
Cúlchiste Ioncaim	<u>3,686</u>	<u>3,104</u>
	<u>45,971</u>	<u>46,051</u>

Signed on behalf of the Governing Body



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 05/05/2021

Dáta: 05/05/2021

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim Amhail an 31 Lúnasa 2020

	2020	2019
	€000	€000
Glansreabhadh Airgid Thirim Ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas Oibriúcháin	582	(860)
Ioncam Úis	(3)	(16)
Dímheas	1,675	1,619
Sócmhainní Seasta Díluacháilte	0	336
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,675)	(1,955)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	(101)	214
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>1,515</u>	<u>(44)</u>
Glansreabhadh Airgid Ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>1,993</u>	<u>(706)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Faighte	<u>3</u>	<u>23</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Maoinithe		
locaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>(1,013)</u>	<u>(1,702)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	675	1,376
Deontais Chaipitil Stáit a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	5	8
Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	333	307
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	<u>0</u>	<u>11</u>
Glan-Insreabhadh Airgid Ó Mhaoiniú	<u>1,013</u>	<u>1,702</u>
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	1,996	(683)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair	<u>8,391</u>	<u>9,074</u>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa	<u>10,387</u>	<u>8,391</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 05/05/2021

Dáta: 05/05/2021